LAOITHE CUMAINN

TOMÁS Ó RATHILE

891.621
RAT 6d. gl.

891.621
609670

LAOITHE CUMAINN

TOMÁS Ó RATHILE

DO BHAILIG IS DO CHUIR I N-EAGAR

Withdrawn from stock
University College Cork

CLÓ OLLSCOILE CHORCAIGE

COMHLUCHT OIDEACHAIS NA hÉIREANN, TEOR.
BAILE-ÁTHA-CLIATH AGUS CORCAIGH

1925.

Withdrawn from stock
University College Cork

REUMHFHOCAL

Níor bh'annamh, ó chuaig *Dánta Grádha* as cló, daoine ag tathant orm iad do chur i gcló arís. Tá san á dhéanamh agum fé láthir, agus is gearr go mbeig an tarna heagar le fáil; ach beig an leabhar nua chô mór san gur baol do gan bheith ró-iriúnach d'fhurmhór ár mac léinn. D'fhonn cao a thabhairt do gach aenne de lucht léite na Gaelge ar athine chur ar an gcuid luachmhair seo dár litríocht, do thoghas amach as na *Dánta Grádha* nua na trí cinn fhichead de dhántaibh atá san leabhar bheag so. Dánta deasa ealaíonta inléite simplí isea na *Laoithe* seo go léir; agus má fhaghan daoine eile a leath-uiread sásaimh i n-iad do léubh is a fuarassa i n-iad do bhailiú, ní hé mo thuairim go mbeig dothal ag aon léthóir rómpa.

T. Ó R.

LAOITHE CUMAINN

1

Aoibhinn, a leabhráin, do thriall
i gceann ainnre na gciabh gcam;
truagh gan tusa im riocht i bpéin
is mise féin ag dul ann.

A leabhráin bhig, aoibhinn duit
ag triall mar a bhfuil mo ghrádh;
an béal loinneardha mar chrú
do-chífe tú, 's an déad bán.

Do-chífe tusa an rosg glas,
do-chífir fós an bhas tláith;
biaidh tú, 's ní bhiad-sa, fa-raor!
taobh ar thaobh 's an choimhgheal bhláith.

Do-chífe tú an mhala chaol
's an bhráighe shaor sholas shéimh,
's an ghruaidh dhrithleannach mar ghrís
do chonnarc i bhfís a-réir.

An com sneachtaidhe seang slán
dá dtug mise grádh gan chéill,
's an troigh mhéirgheal fhadúr bhán
do-chífe tú lán do sgéimh.

An glór taidhiúir síthe séimh
do chuir mise i bpéin gach laoi
cluinfir, is ba haoibhinn duid;
uch gan mo chuid bheith mar taoi!

2

A bhean fuair an falachán,
do-chiú ar fud do chiabh snáithmhín
ní as a bhfuighthear achmhasán
d'fholt Absolóin mhic Dháivídh.

Atá ar do chéibh chleachtsholais
ealta chuach i gceas naoidhean;
ní labhraid an ealta-soin,
's do bhuaidhir sí gach aoinfhear.

Do bharr fáinneach fionnfhada
roichidh fád rosgaibh áille,
na ruisg corra criostalta
go mbíd 'na gclochaibh fáinne.

Maise nua do thógbhais-se,
gibé tír as a dtáinig,—
do lámh gan idh órdaighthe
is céad fáinne fád bhráighid.

Do chas an cúl tláthbhuidhe
timcheall an mhuinéil dírigh :
iomdha idh fón mbrághaid-sin,—
is brágha í dá-ríribh !

3

I mbrat an bhrollaigh ghil-se
ní bhiadh an dealg droighin-se,
dá mbeith, a Mhór bhéildearg bhinn,
an éindealg d'ór i nÉirinn.

San mbrat-sa níor chóir do chur
acht dealg d' fhionndruine uasal,
nó dealg iongantach d'ór cheard,
a Mhór bhionnfhoclach bhéildearg.

Níor churtha, a chnú mo chroidhe,
id bhrat eangach iolbhuidhe,
a ghruaidh dhearg do-ghéabhadh geall,
acht dealg do-ghéanadh Gaibhneann.

A fholt lag ar lí an ómra,
a chur id bhrat bhreacórdha,
a stuaigh chobhsaidh nár chealg fear,
níor chosmhail dealg don droighean.

A ghruadh chorcra do char mé,
gan dealg óir acht an uair-se
ar feadh na huaire, a ghlac ghlan,
do bhrat uaine do b'annamh.

—*Fearchar Ó Maoilchiaráin.*

4

Gluais, a litir, ná léig sgís
go bhfaice tú a–rís í féin ;
fiafraigh dí an bhfuigheam bás,
nó an mbiam go bráth i bpéin.

Más í an phian do dheónaigh damh,
fiafraigh dí gá fad an phian ;
nó más bás do-bhéara dhúinn,
fiafraigh ‹dí› gá húir i mbiam.

An sgéal fada ní hé is fearr,
mithigh leam a chur i gcéill :
mun bhfuil furtacht damh i ndán,
faghaim go luath an bás féin.

An bás féin dá dtuga dhúinn,
mo chur i n-úir do bheinn réidh,
ós mo chionn dá sgríobhadh sí :
‘ Ag so an tí do mharbh mé.’

I gcrích Alban ar bhith séimh
is ann thoghaim féin mo chur,
mar a luighfeadh sí ar mo leacht,
’s mar a mbiadh sí ar m’fheart ag gul.

I ndóigh go dteagmhadh damh dul
’s go ligeadh sí ar gcur i gcré,
deifrigh ort is beir mo sgéal ;
bí ag imtheacht go géar, is gluais.

5

Aoibhinn duit, a dhuine dhoill !
saoth liom gan t'aineamh orainn ;
do b'fhearr tocht fám radharc ruinn ;
socht óm amharc ní fhaghaim.

Dá n-iarrainn, nior bh'fheirrde dhamh,—
bheith slán dá héis ní iarrabh ;
mairg dár cinneadh, a Dhé dhil,
silleadh an té rom-theimhligh.

Tárfás damh, ní dheachaidh leam,
inghean ro b'iongnadh inneall ;
troigh sheangfhaobhrach do mhear mé,
gearrshaoghlach fear a feithmhe !

Ní i ndóigh nách muirfeadh mé,—
truagh nách tig aoinfheacht oile
(ní do tharbha dhí ná dhamh)
ón adhbha i mbí do bhunadh.

Ruisg nách mairbhe meise féin,
glór meirbh nách mairbhe iaidséin,
na hiolfhaobhair ler mharbh mé,
arm ionaonaigh, dom aithne.

Aithreach damh (ní doiligh linn !),
meisde mh'óidh agus mh'inntinn,
ar dtonn bháite, ar n-adhart olc,
an radharc cráite ad-chonnarc.

Mairg don mharbhthóir do mharbh mé,
leis nách truagh mar tú tríthi
im throich bhí a haithle mh'anma;
ro shní mh'aithne is mh'urlabhra.

6

Ar mbeannacht mar dhlighim dheit,
a bhean-úd do-bher ar mbás,
uch! is cuma leat cé dhíbh,
mo bheith-si tinn tríbh nó slán.

Bheith dhuit rém shaoghal i bpén
beag an tárbha 'na dtéd dún;
gach a dtugas duit do ghrádh
is dérc i soitheach lán súd.

Ní dhlighim do rádh acht fíor,
ag sin ag cách críoch mo sgéal;
ní chuirfinn i gcás ar n-olc
dá ngabhthá uaim ar ndol d'éag.

Do chabhair ní bheanfam chéll,
gidh doirbh bheith i bpén do ghnáth;
anaidh fear sona le séan,
saoilim mo dhol d'éag dod ghrádh.

A bhfuilid ann thoir is tiar,
ar son gur damnadh iad lat,
gach a ndeachaidh d'éag dod ghrádh,
fuaradar uile bás glan.

A ndeachaidh don tsaoghal róibh
ionann dóibh is bheith go maith;
ní fhuilid agaibh i bpén,
daoine sona an mhéd nách mair!

7

A dhuine chollas go sáimh,
ní hionann dáil damhsa is duit;
is lór dhíbh bhar méad do rígh,
ní tharla an grádh ar tí h'uilc.

Mór na tiodhlaicthe fuair tú,
do damnaigheadh don tnúth inn;
ní comhairleach ort an grádh,
ní hionann is mar tá rinn.

Do rinne Dia grása ort,—
ní tusa an bocht lán do phén,
ní chluinim h'osnadh ná h'uch,
níor thrég tusa do chruth fén.

Fá-ríor! ní hionann 's ar nós;
breth a bhuidhe ní mór dhuit;
ní heagail ribh gan dul d'éag,
ní hionann is méad ar n-uilc.

Peannaid shíordhaidhe mo ghlóir,
mallacht sinsir do chóidh fúinn;
fada go gcredfinn ón bhás
go bhfuil oidhidh i ndán dúinn.

Beag dom dhonas nár mhúin mé
gach a gcuala i bpén ón ghrádh ;
do shaoil mise nách beinn leamh,
's do-rinneadh leam fear-mar-chách.

Gidh mór an truaighe mar tám,
ná caoineadh cách méad mo phian ;
cead leam ar chlaochló dom chruth,—
maith is neasa don ulc riamh.

Do dhealaigh rium éag go bráth ;
dár mbeth slán do cuireadh súil ;
mé gach éanlá i dtós mo phian.
míle bliadhan gach dia dhúin.

Ní críonna na daoine-se lán do chéll
Re saoiltear nách ríoghacht mar tám i bpén ;
An chnaoi-bheatha a mbím-se is do ghrásaibh Dé ;
Ní haoibhneas ní ar bith ach bás gan éag !

8

An gcluine mé, a mhacaoimh mná ?
cuir do chomhrádh ar athlá ;
a fholt géagglan buidhe búidh,
duine éadmhar ní hionrúin.

Léig dod chomhrádh, seachain sinn,
an go fóill, féach id thimchill ;
sguir dhín, ná tarr dár dtadhall,
bídh am ag an uraghall.

Beag an fáth fá bhfaghthar guth,
seachain tú! ná tuill t'ionnlach;
im aice ná suidh mar soin,—
an bhfaice a bhfuil dár bhféachain?

Druid siar! ná suidh im fharradh;
atáid cách, ad-chualamar,
a chiabh nocht na bhfoighéag bhfionn,
i gcoimhéad ort ós íseall.

Ní fhuil ar breith dhuit ná dhamh
(a Mhuire! is mór an t-amhghar)
gidh beag, cor do láimhe im láimh;
mo náire a dhol dod dhíoghbháil.

Ó nách bhfuil dod dhreich dhealbhaigh
cead suirghe ná sibheanraidh,
truagh, agus Ére ar h'aghaidh,
an céle rer cheanglabhair.

Mise gach laoi id leanmhain,
tusa gan chead gceileabhraidh;
a chúl druimneach do mhill mé,
sinn i gcuibhreach re chéle.

Fada liom, ní lugha lat,
gan cead uraghaill agat;
a fholt fiar ina bhfoil fad,
ní bhiam mar soin acht sealad.

Congaibh bhós do bhéal 'na thocht,
gearr, thrá, go bhfuigheam furtacht;
ó taoi i láimh ná labhair linn,
anaidh mar tháidh id thoirrchim.

Re feadh an laoi ná labhair ;
bí go banda banamhail ;
fuilngidh in bhar dtost is-tigh,
cuibhrigh do rosg a-réigin.

9

Truagh mo dháil le deich laithibh,
mise is ise i n-éanchaithir
gan cead amhairc a gruadh ngeal
ná ⟨a⟩ radhairc uam ós iseal.

Ní raibh ar breith dhi ná dhamh
labhairt re chéile i gcogar
gan cách oile d'aithne ar locht,
ná aighthe ar-oile d'amharc.

Ní fhéadmaois dá heagla féin
dul i ngar dá gnúis shoiléir ;
gion go bhféadmais teacht don tigh,
teacht 'na héagmhais níor bh'fhéidir.

Do bhí d'iomad na hannsa,
's do bhí d'uamhan oramsa,
mo chóig céadfadha do cheilt
don bhéaltana óig oirdheirc.

Níor léig sí gáire ná gul
ná colladh dhamh ná dúsgadh ;
socht ná labhradh níor lamhas ;
bocht amhghar an t-amharas.

Mo mhallacht lé! níor léig damh
tógbháil mo chinn ná a chromadh,
rún mo chroidhe dá cneas seang,
ná meas an toighe timcheall.

Uch! nár mhaithe Dia dhise
bheith ag crádh mo chroidhe-se;
ná tí le a corp creach mo bhall,
's ná deach i n-olc dá hanam.

Gruaidh mar chorcair, cneas mar bhláth,
uch, is aoibhinn don óglách
nár fhéagh an eala niamhdha,
béal meala is maillbhriathra.

10

Ná bí dom bhuaidhreadh, a bhean,
ar ghrádh th'einigh ná lean díom;
madh fada, madh gearr mo ré,
ná buaidhir mé tre bhith síor.

Iarraim féin d'athchuinghe ort,
a ghnúis éadrocht na bhfolt bhfionn,
ná bí dom bhuaidhreadh níos sia,
gibé hionadh i mbia sionn.

Níor chaitheas oidhche ná lá,
gidh fada gearr a-tám sunn,
a throigh chéimleasg, a chúl claon,
nách beitheá-sa mar-aon rum.

Im cholladh, a ghruaidh mar ghris,
ná tara tre fhís dom fhios;
im dhúsacht, a shéaghain shuairc,
ná tarr dom bhuain as mo riocht

Gidh deacair damh a rádh ribh,
ná faiceam sibh, ná mill mé;
ó nách bhféadaim dul ón mbás
ná tarr eadram is grádh Dé.

M'éanghrádh ‹thú› don uile dhúil,
a shlat cheannsa do mhúin Dia;
‹is› mairg dhuitse do mharbh mé,
's nár mharbhas féin duine riamh.

Mo thruaighe níor chumaoin duit,
a ghéag mhíolla an ruisg ghloin;
dá mbeitheá gan chéill mar tú,
cian go muirfinn thú mar soin.

Nochan fheadar créad do-ghéan,
do shearg mé do bhéal mar chaoir;
mo bheannacht ort, as ucht Dé
ná buaidhir mé, gabh rem thaoibh.

A bhéal cumhra, a chneas mar bhláth,
iomdha duine a-tá ar do thí;
im dhiaidh tar an uile fhear,
a rún mh'anma, a bhean, ná bí.

11

Ní taobhtha dhamhsa riom féin,
ní mise mé i gcáil san mbioth ;
go bhfionna mé créad ar gcor
ní mholaim d'aon dol ar m'iocht.

Creideadh nó ná creideadh cách,
go dtí an bráth ní chreidfe mé
nár chaith mise treall i n-uaigh,—
foirceadal uaim oram féin.

Ní fhidir mé—gá dtám ris?—
an mé an t-anam tig anall,
an beó mé nó an bhfuaras bás,
nó an mise féin a-tá ann.

Bheith don tsaoghal ar mo bhreith
cuma nó bheith ar an déirc ;
ní háil liom beatha ná bás,
ogal duine mar tá mé.

Uch, fa-ríor ! dá gcluineadh cách
(ró sonais ní gnáth gan tnúth)
an chúis fá bhfuilim i bpéin,
d'fhóirfeadh sinne dá mbéim súl.

Fada ó tháinic ceann mo ré ;
ní duine mé ren cóir súil ;
soraidh linn, fuarsam ar gcead,
tug an saoghal a sheal dúinn.

Gé atáim-se gan dul ón mbás
im spioraid mhairbh, lán do phéin,
ní shaoilim neach ós mo chionn;
ní bhfuil mo thnúth acht liom féin.

Aon do chéad thuigeas mar tám;
bheith im ghalar ní gnáth leó;
do choideóladh sé ar mo chneidh
gibé adéaradh mo bheith beó.

An bhean-sa rom-chuir i sníomh,
d'fhéadfadh Críost a theacht go maith;
fearr fá mhaitheamh anma an bás,
teist an domhain ó chách air.

Eadamar ní bhfuighe an bocht
an phian a-bhos agus tall;
beannacht dise do mharbh mé,
is í sin an déirc 'na ham.

Nách deachaidh mé d'éag 'na thráth,
dá saoileadh cách go leamh é,
ní fhuil acht sgéal bun-os-cionn:
ní taobhtha dhamhsa riom féin.

12

Croidhe so dá ghoid uainne,—
cá ní is truaighe for talmhain
ná duine i nDiabhí dá anam
do bheith tamall gan anmain?

Uaimse ag inghin an iarla
truagh gan iasacht mo chroidhe,
go dtuigeadh féin nách bhféadar
bréagadh croidhe i mbí toirse.

Cuirfead iomchar mo chroidhe
ar dhuine oile i-mbliadhna;
gidh eadh, dá gcleachta a iomchar,
biaidh sí diomdhach don iasacht.

Biaidh sí tinn, biaidh sí corrach,
biaidh sí gan chodladh choidhche,
biaidh sí ciamhair cumhach.
biaidh sí dubhach gach n-oidhche.

Ní iarrfa adhbhar gáire,
badh sáimhe lé bheith dubhach,
go sgara sí rem chroidhe
go bráth ní bhfoighe furtacht.

Uch! ní cothrom an roinn-se
do-ní an toirrse, dar linne,—
croidhe nó dhó ag duine
's duine oile gan chridhe!

—Maghnas Ó Domhnaill.

13

Dar liom, is galar é an grádh,
gion go bhfuil fedhm a rádh ris;
croidhe eile dlighim uaidh,
an croidhe-se uaim do bhris.

Ós é féin is ciontach ris,
an croidhe-se thug an grádh,
meisde liom loighead a uilc,
acht nách bhfaghainn cuid dá chrádh.

Is truagh nách fuath thugas uaim,
is fuath d'fhagháil uaibh dá chionn;
grádh ó dhuine is mairg do ghebh,
's is romhairg do bher, dar liom.
—*Maghnas Ó Domhnaill.*

14

Croidhe lán do smuaintighthibh
tarla dhúinne ré n-imtheacht;
caidhe neach dá uaibhrighe
ris nách sgar bean a intleacht?

Brón mar fhás na fíneamhna
tarla oram re haimsir;
ní guth dhamhsa mímheanma
tré a bhfaicthear dúinn do thaidhbhsibh.

Sgaradh eóin re fíoruisge,
nó is múchadh gréine gile,
mo sgaradh re sníomhthuirse
tar éis mo chompáin chridhe.
—*Maghnas Ó Domhnaill.*

15

Goirt anocht dereadh mo sgéal,—
annamh tréan nách dteagthar ris;
is dearbh dá maireadh Dian Céacht
nách leigheósadh créacht mo chnis.

Ar mo thuirse ní théid trágh,
mar mhuir lán ós ceannaibh port;
a bhfuair mé do dhochar pian
níor chás rium riamh gus a-nocht.

Tarla a dheimhin damh, fa-ríor!
gurb annamh fíon bhíos gan moirt;
is géar an fhobhairt é an brón,—
dar liom féin is mó ná goirt.

—*Maghnas Ó Domhnaill.*

16

Mairg atá san mbeathaidh-se!
furtacht uaithi ní fhuigheabh;
leath ná trian mo pheannaide
ní fhéadann teanga a thuireamh.

Óm ghrádh don nua naoidheanta
mo dháil cá dáil is deacra?
acht gidh olc an fhaoilbheatha,
is measa go mór mo bheatha.

Gidh beag é dom ghalar-sa,
coimhthe re grís mo chneas-sa;
tig arís im fharradh-sa
fuacht i ndeaghaidh an teasa.

Cuairt i measg an bhanchuire
beag fhurtaigheas dom buaidhreadh;
cuid eile dom amhghaire,
ní fearr théid damh an t-uaigneas.

An chúis fa dtám roidheacrach,
gion go n-admhaim mun am-sa,
an croidhe duairc doibheartach
isé ro theagaisg dhamhsa.

Ón teidhm-se do tiocfaidhe
dá mbeith an rosg gan radharc;
ní hé an croidhe is ciontaighe,
acht an tsúil do-ní an t-amharc.

Ag diomdha go hinfheadhma
ní bhiú ar an rosg fám róghrádh;
bheith umhal dá thighearna
iseadh dhligheas gach óglách.

An croidhe go huilidhe
isé chongmhas gach aonlá
grádh tachartha is tuilidhe
do bheith againn gan chlaochládh.

An ghnúis álainn ainglidhe
do mhéadaigh adhbhar m'osnaidh,
iongnadh go madh ainbhfine;
ní deilbh dhaonna is cosmhail.

An folt dualach druimfhiar-sa,
ós dó tugas mo chéidshearc,
dá bhfaghmais an tUilliam-sa,
ní chuirfeadh oirn ar n-éigean.

A ghrádh sgríobhtha im chridhe-se
m'aigneadh gach laoi do lomairg;
mar tá mé dá innisin,
is mairg é agus is romhairg.

17

Cumann do cheangail an corr
agus sionnach Brí Ghobhann;
do gheall an sionnach don gcorr
nách brisfeadh choidhche an cumann.

Do b'aimhghlic, is é ar fásach,
taobhadh ris mar chompánach;
d'éis a bheith i bhfad gan bhiadh,
mairg do bhí ar iocht Uilliam.

An corr 'na codladh mar thuit,
do rug sé uirthi ar bhrághaid;
ní leanabh air,—isé a shuim
gur sgar a ceann re a colainn.

Dar leat is í do roinne,
soraidh dár mnaoi chumainne;
ise an sionnach, mise an corr,—
cosmhail re chéile ar gcumann.

18

Seachnaidh súil ní nách faiceann,
ní mhaireann grádh do bhunadh,
's go dtig toil agus neamhthoil
mar thig fearthain is turadh.

Do bhís⟨se⟩ againn iata
gur sgaoil i-mbliadhna ar gcumann ;
is fearthain i ndiaidh thuraidh
mar taoi ó 'nuraidh umam.

Ag mnaoi ní bhfuil mo chuimhne,
sguirfead dom shuirghe feasta ;
cár mhisde bean dom thréigean,
acht gach éinbhean dom sheachna !

A chroí dár gheallas rem beatha bheith ûl⸗réig⸗tláth,
Ar mhaoin ná ar mhathas do b'fhada leat, a úirbhé bhláth,
Go mb'fhíor dá gcanainn re sealad, sa Mhûin gé táim,
Ní ná faicean go seachnan súil é, a ghrá.

19

Do chuaidh mo shúil tar mo chuid,
oram féin ní bhfuil mo neart ;
ní chreidim,—is cuma leam
má tá an sgéal is fearr gan teacht.

Dá ngealltá mil ar gach mír
dhamhsa, a bhean ó a mbím i bpéin,
as t'fhocal ní fhuilim teann,—
each do buaileadh 'na ceann mé.

Asam féin do beanadh leam,
nochan as glór dár gheall sibh ;
sástar an santach le bréig,
truagh nár mealladh mé mar sin !

An gealladh-soin agad féin
beag an tarbha 'na dtéid damh ;
ní bhéaradh ar chrioth im chrúibh,
dá mbeith cabhair dúinn i ngar.

Do chuaidh diomsa gan bheith bocht,
ní hadhbhar do chosg mo phian ;
t'fhocal-sa 'na ghealladh mná,
's mé féin dona mar tám riamh.

An t-anam-sa an uair do mhar,
truagh nár dhruideas i ngar duit ;
duine dona adubhairt riamh
go madh fearr ciall ná cuid.

Nó go gcreide mé na mná,
ní chreideabh féin go bráth duit ;
más í an mhaith is goire dhúinn,
do chuaidh mo shúil tar mo chuid !

—*Eochaidh Ó Heóghasa.*

20

Tugas féin mo ghrádh ar fhuath,
'na dheaghaidh ní buan mo ré;
mo mhíle mallacht go brách
don té bhéaras grádh tar mh'éis!

Dá rosg mhall, dá folt mar ór,
dá glór mar fhaoidhe na gcuach,
dá mala chaoil, dá déad bhán,
tugas féin mo ghrádh ar fhuath!

Dá béal dearg, dá brághaid bháin,
dá láimh, dá teangaidh nách luath,
cé nár mhaith a chlos do chách,
tugas féin mo ghrádh ar fhuath!

Nion, ruis, dá onn, agus ailm,—
a hainm ní chuireabh i gcruas,
ise ní cheilfeam ar chách,—
tugas féin mo ghrádh ar fhuath!

Annamh bean ar nách bia béim,
an bhean úd do thréig mo luadh;
dá madh fíor mise dá rádh,
tugas féin mo ghrádh ar fhuath!

21

Thugas grádh don fhuath,
cuirim suas don ghrádh;
ní fiú é bheith ris,
do bhris sé ar a lán.

Córaide fuath dhó
brón 'na dhiaidh do ghnáth;
do-ní fós, dar linn,
tinn an duine slán.

An fuath cé gur mór,
a chlódh ní badh cás;
féadfar sgaradh rís,—
ní mar sin don ghrádh.

Rochóir grádh don fhuath,
buan duine 'na dhiaidh;
dá raibh grádh dod ghuin,
ní fhóir luibh ná liaigh.

Do chonnarc-sa bean
is fear uirthi i ngioll:
nó go bhfuair sé bás,
ní bhfuair grádh dá chionn.

Mise gibé mé
béaraidh mé go buan;
gidh annamh a rádh,
thugas grádh don fhuath!

22

Meabhraigh mo laoidh chumainn-se,
a bhean an chumainn bhréige:
fuilngim feasta, is fulaing-se,
bheith i bhféagmhais a chéile.

Teacht oram dá gcluine-se
i dtighthibh móra ná i mbothaibh,
le cách orm ná cuiridh-se,
ná cáin mé is ná cosain.

I dteampal ná i mainistir,
cé madh reilig nó réadhmhagh,
dá bhfaicir ná dá bhfaicear-sa,
ná féach orm is ní fhéachfad.

Ná habair, 's ní aibéar-sa,
m'ainm ná fáth mo shloinnte ;
ná hadaimh, 's ní aidéamh-sa,
go bhfacas tú riamh roimhe.

23

Bréagach sin, a bhean !
ní beag seal don bhaois ;
smachtaigh h'aigneadh óg
a bhfuil ród dot aois.

Ainic thú ar an éag ;
cuimhnigh, a ghéag ghlan,
bláth an domhain daoir
nách sealbh daoibh ná dhamh.

As bais, ⟨as⟩ méir mhaoith,
ná déan baois, a bhean ;
gibé is buaine ré
ní mhairfe sé acht seal.

Ná déan eisdibh uaill,—
gearr san uaigh go mbiad—
na lúba ar lí an óir,
ná tug dot óidh iad.

Bíoth h'aire ar an uaigh,
ná sill an ghruaidh gheal,
san tsúil mharbhghlais mhuill
ná cuir suim ná seadh.

San troigh rothruim réidh
ná fagh-sa féin fonn ;
taobh nách taise clúmh
tuig nách tú do chom.

Beid mar bhláth an fhiaigh
(i gcriaidh ní cóir teann)
snuadh h'ochta mar aol,
do bhruinne shaor sheang.

I dtalmhain (tuar leóin)
smuain fa dheóidh do dhul ;
biaidh a ghné mar ghual,
an béal go snuadh subh.

Ar ndol duit i gcré,
mise gidh mé ann,
ní thiobhrainn riot taobh,
a chúl na gcraobh gcam.

Ret fhaicsin, a fholt fiar,
do chuaidh mo chiall uaim ;
duit, a bhruinngheal bhán,
badh aithreach lá an Luain.

Tuirseach dhamh 'na ndeóidh,
briathra do bheóil bhinn;
do ghlór síthe sáimh,
ní mé a-mháin do mhill.

Ná bí baoth do ghnáth,
cuimhnigh cách ag éag;
an folt fleasgach fann,
ní fhuil ann acht bréag.

—*Anluan Mac Aodhagáin.*

GLUASÓIR

I sna dánta so is minic, i n-inead labhairt leis an nduine féin, ná labhran an file ach le gruaig an duine nó le ball éigin dá bhallaibh beatha. Leis an bhfigiúir cainte seo dinean an file dhá rud i bhfíor-bheagán focal: labhran sé leis an nduine agus molan sé a phearsa d'aon iaracht amháin. Rud eile is fiú a thúirt fé ndeara, gurab é an t-ainmneach úsáitear san nós cainte seo i gcônaí i n-inead an ghairmig, e.g. *a fholt lag*, 3.13,="a bhean an fhuilt luig"; *a chúl druimneach*, 8.27,="a bhean an chúil dhruimnig." Somplaí eile:—*a fholt fiar*, 8.31, 23.37; *a chiabh nocht*, 8.15; *a throigh chéimleasg, a chúl claon*, 10.11; *a ghlac ghlan*, 3.19; *a ghruaidh dhearg*, 3.11; *a ghnúis éadrocht*, 10.6.

Is minic an t-iumadúlach á úsáid thar cheann an aontaig i bhforainmneacha agus i mbréithre den chéad phearsa agus den tarna pearsa, e.g. *linn*, 5.21,=liom; *sibh*, 10.18,=tú; *rer cheanglabhair*, 8.24,=ler cheanglais. Mar an gcéanna: *tám* (i.e. táimíd), 7.25, táim; *ar*, 7.13, mo; *bhar*, 7.3, do; *dhíbh*, 7.3, dhuit; *agaibh*, 6.22, agat; *uaibh*, 13.10, uait.

NODANA. *aid.*, aidiacht (adj.). *aon.*, aontach (sg.). *b.*, baininsgneach (fem.). *br.*, briathar (vb.). *ca.*, caite (past). *cuin.*, cuiníolach (cond.). *dlú.*, dlúite (dep.; conj.). *fuil.*, fuiliceach (pass.). *gin.*, giniúnach (gen.). *lá.*, láithreach (pres.). *p.*, pearsa (p.). *sb.*, substainteach (sb.). *sub.*, subúntach (sub.). *t.*, tabharthach (dat.). *tásg.*, tásgach (ind.). MIP., "Miscellany of Irish Proverbs."

achmhasán, 2.3, asachán.
adaimh, 22.15, admhaig. *aidéamh*, ib., admhód.
ad-chonnarc, do chonnac.
adhart, barra taoide. *ar n-adhart olc*, 5.23, rabharta ár n-olc, an barr ar ár ndonas.
adhbha, 5.16, áit chônaithe, tig, áitreabh.
aibéar, 22.13, abród, déarfad.

aimhghlic, 17.5, dícéillí, amaideach.
ainbhfine, 16.35, eachtranach, duine ó thír iasachta.
aineamh, 5.2, máchail.
ainic, 23.5, cosain.
aithle : *a ha.*, 5.27, i ndiaig, tar éis.
an (br.), 8.6, 36, fan. *anaidh fear sona le séan,* 6.15, i.e. an té go mbíon an t-á air fanan sé le sonas agus faghan sé é ; féach MIP. §345.
annsa, 9.13, grá.
aoinfheacht, 5.14, aon uair amháin.
ar-oile, 9.8, a chéile.
banchuire (carnainm), 16.13, mná.
barr, 2.9, folt.
bean (br.), buin, bain. *asam féin do beanadh leam,* 19.9, trím choir féin do mealladh me.
béaraidh mé, 21.22, mairfe mé.
béim, 20.17, locht, smál. *béim súl,* 11.20, an fhéachaint dhíobhálach a thúrfadh duine tnúthach ort. Creití fad ó dá bhféachfadh duine tnúthach ort gur ghiorraide do shaol é.
bí, 5.27, t. aon. b. ó *beó.*
biad, 23.14, beid. *biaidh,* dlú. *bia,* beig. *biam,* beimíd. *ní bhiú* 16.26, ní bhead.
bídh, dlú. *bí,* bíonn.
bith : *tre bh. síor,* 10.4, go síorraí.
bláith, 1.12, mín, ceannsa, séimh.
brágha, bráighe, 1.14, 17.10, 20.9, mineál, sgórnach. Tá dhá bhrí leis i ndán a dó (ll. 16, 19, 21), mar atá, (1) mineál, (2) príosúnach. San chéill dheireanaig seo *braighe* nó *bragha* an focal ceart (cf. *braighdeanas,* príosúntacht) ; ach is minic *á* fada ann trí chosúlacht (no trí " analacht") leis an gcéad fhocal, e.g. *Dar liom ní im brághaid do bheinn | Fionn nó Fánaid dá bhfaicinn,* Tadhg Mór Ó Cobhthaigh (cf. 3 C 12, lch. 215).
breith : *ar b.*, 8.17, 9.5, 11.13, ar chumas.
bruinne, 23.28, brollach.
búidh, 8.3, báigiúil, geanúil, taithneamhach.
buidhe, 7.14, baochas.
bunadh : *do bh.*, 5.16, 18.2, do ghnáth, go buan, i gcónaí.
bhós, 8.33, fós.
caidhe, 14.3, ca bhfuil.

cáil, cáilíocht, nádúr, " quality." *i gcáil san mbioth,* 11.2, ar shlí ar bith.

cás, 15.8, 21.10, deacracht, rud deacair. *ní chuirfinn i gcás (é),* 6.11, ní ghuillfeadh (sé) orm, ní dhéanfainn aon nath (dhe).

ceard, 3.8, ceárdaí, gabha óir.

ceas naoidhean, 2.6, taom luige, míthreóir, marbhántacht. Cf. *an ceas naoidhin do fhás ortha | tre bhás aoinfhir Tholcha Táil,* Frl. Óg Mac an Bhaird (Ir. Monthly, 1920, 266, §43). San tSeana-Ghaelge, *cess noinden*; ach do cosúileadh 'na dhia san an tarna focal le *naoidhean* (gin. ó *naoidhe,* bunóc). B'é rud é an *cess noinden* ná luige nó breóiteacht a thagadh ar na hOlltaig ó am go ham, de thora easgaine a cuireadh ortha, i slí is ná bíodh ach " neart mná seólta " unta ar feag roinnt laethanta.

ceileabhradh, 8.26, côrá.

ciall : *do chabhair ní bheanfam chéll,* 6.13, ní chuirfead mo shúil de chabhair (faeseamh) fháil. *go madh fearr ciall ná cuid,* 19.24 : tá tagairt anso don tseanfhocal, " Ní fearr bia ná ciall."

ciamhair, 12.15, brónach, buartha, gruama.

cinnim, gearraim amach, ceapaim, socraím. *dár cinneadh,* 5.7, dá raibh i ndán.

cionn, t. aon. ó *ceann. dá chionn,* 13.10, 21.20, mar mhalairt air, 'na dhíol.

claochláidh, 16.32, atharú.

claochlóim, 7.27, atharaím, tagan atharú (chun olcais) orm.

cleacht, gnáthig. *dá gcleachta,* 12.11, má chleachtan sí, má thugan sí mar thathí dhi féin.

cleachtsholas, 2.5,=*cleacht,* " a plait of hair," dual, + *solas,* q.v.

clódh, 21.10, claoi, buachtaint ar.

cluine, tásg. agus sub. lá 2 p. aon. ó *do-chluinim. an gcluine,* 8.1, an gcloisean tú ? *dá gcluine-se,* 22.5, má chloisean tusa.

cnaoi-bheatha, 7.35, cnaoiteacht, searga, meathalú, snuí amach.

cneas, 10.33, 15.4, 16.10, croicean, corp. Cf. *gan cneas* (=corp) *fir i gcarcair chlach,* T. Dall, 60, l. 95.

cneas, 10.33, 15.4, 16.10, croicean, corp.

cnú, cnó. *a chnú mo chroidhe,* 3.9, a stór mo chroí.

cobhsaidh, 3.15, daingean, seasmhach, dílis, stuideurtha.
codail : *do choideóladh,* do chodalódh, do chollódh. *do ch. sé ar mo chneidh,* 11,31, i.e. ní bheadh aon phiuc trua aige dham, ní ghuillfeadh mo chás air, ní dhéanfadh mo ghalar aon bhuairt do ; féach MIP. § 344.
cóig, 9.15, cúig.
coimhéad, cimeád. *i gc. ort,* 8.16, ag faire ort (chun tu bhrath).
coimhgheal, 1.12, bruinneal.
coimhthe, 16.10, chô te.
com (br.), 23.24, cum.
congaibh, 8.33, cuinibh.
cor, 8.19, cur.
corr, cúinneach, uilleanach ; *ruisg corra,* 2.11, i.e. cúinní na súl go deas biorach (?). Féach Measgra Dánta, II.
créacht, 15.4, cnea, guin.
creideabh : *ní chr.,* 19.26, ní chreidfe mé.
cridhe, 12.24, croí.
críonna, 7.33, ciallmhar.
crú, 1.7, fuil.
crúbh, lár nó laíán an rotha. *im chrúibh,* 19.15, im lár, im chroí (?).
cuach, 2.6 ; brí dúbalta leis anso, (1) loca cas gruaige, agus (2) an t-éan (" cuckoo ").
cuid : *do chuaidh mo shúil tar mo chuid,* 19.1, bhíos ag súil le 'n iumarca ; féach MIP. § 342.
cuireabh : *ní ch.,* 20.14, ní chuirfead.
dáil, 7.2, 9.1, 16.6, sgéal, cás, cor.
deach, sub. lá 3 p. ó *téighim. ná deach,* 9. 28, nár thé sé.
deachaidh : *ní dh. leam,* 5.9, níor éirig liom, níor tháinig aon mhath dham as.
déad (carnainm), 1.8, 20.7, fiacla.
deaghaidh : *i nd.,* 16.12, 20.2, i ndiaig.
dealg, 3.2, etc., (1) " thorn " ; (2) próiste, nó breán brollaig.
deit (**dheit**), 6.1, duit. *díbh,* 6.3. díobh. *dín,* 8.7, dínn.
dia, 7.32, lá.
diomdha, 16.25, gearán.
dlighim, 6.1, is ceart dam (rud do thúirt *do* dhuine) ; 13.3, tá (rud) ag dul dam (*ó* dhuine). *Bheith umhal dá thighearna iseadh dhligheas gach óglách,* 16.27-28 : seanfhocal é sin, féach MIP. § 103.
do-chiú, 2.2, chím.

do chóidh, 7.18, do chuaig.

do-ghéan, 10.29, déanfa mé.

doibheartach, 16.19, tuca do dhro-bheartaibh nó do dhro-ghníortha.

dóigh : *i nd. go* (ná), 4.21, 5.13, le súil is go (ná).

doirbh, 6.14, brónach, buartha, doilbh.

drithleannach, 1.15, lunnrach.

druimneach, 8.27, sliosach, fiar, cas. Cf. *na gcúl ndruimneach* agus *an bhairr dhruimnigh*, Gleanings from Irish MSS., 114. Irisl. na G., 223, lg. 169-170.

dualach, 16.37, casta, fillte.

dúil, 10.21, créatúir.

dul, 4.21,=*dol* (*dul*) *d'éag*, 6.12, 7.15, bás d'fháil.

dún, 6.6,=*dhúin*, 7.32, d(h)úinn.

dúsacht, 10.15,=*dúsgadh*, 9.18, dúiseacht, músgailt.

eadamar, tá fhios aguinn. *e. ní bhfuighe an bocht*, 11.37, ní héidir go bhfaghaig an duine bocht.

each, capall. *each do buaileadh 'na ceann me*, 19.8, i.e. is eaglach me ar nós an linbh a dóitear ; *v.* MIP. § 325.

éadrocht, 10.6, gléigeal, suilseach.

ealta, 2.6, sgata éanlaithe, grathin.

eangach, 3.10 (*brat e.*). Is minic sa tseana-litríocht an aidiacht so á rá le héide catha agus le héadach (*sgiath e., sgabal e., cotún e., éadach e.* ; féach T.B.C. lch. 799, C. Cath. lch. 497, agus I.T.S. xxiv, 149). Deirean Pádraigín Haiceud leis an ngruaig é (*táin . . . . na gcúl ngleannach n-eangach n-ómrach*, lch. 39). Usáitear 'na shubstainteach leis é ; saghas lín iasgaig a bhrí ansan. Tá gach aon deallramh gur ó *eang* a thagan idir aidiacht is ainm. Isiad bríona an fhocail seo *eang* ná (1) stráice beag a fuaitear isteach i mball éadaig chun é cheangal dá chéile nó chun é neartú ; (2) aon stráice éadaig, e.g. bratach, nó seól báid ; (3) stráice nó paiste talún, ceanntar, dúthig. Isé is dóichí, mar sin, gurab é chiallaíon *brat eangach* ná brat go raibh *eanga* fuaite isteach ann, mar órnáidí béidir.

éigean, 16.40, cruachás.

eisdibh, 23.13, asta.

eóin, 14.9, gin. aon. ó *éan*. Ar an lachain a bhí an file ag cuimhneamh anso ; *v.* MIP. § 410.

faicim : *an bhfaice*, 8.12, an bhficean tú. *dá bhfaicir ná dá bhfaicear-sa*, 22.11, má fhicean tú me ná má fhicim-se thusa. *faicsin*, fiscint.
falachán, 2.1, clúdach.
faoidh, 20.6, glór, guth.
faoilbhearga, 16.7, beatha an fhaoilinn.
farradh : *im fh.*, 8.13, láimh liom ; 16.11, go dtí me.
féadar, tásg. lá. fuil. ó *féadaim* ; *nách bhf.*, 12.7, nách féidir.
féagmhais : *i bhf.*, 22.4, i n-éamais.
féagh, féach. *nár fhéagh*, 9.31, ná feacaig.
fear-mar-chách, 7.24, ar nós gach aenne eile, mar an gcuid eile.
feart, 4.20, uaig.
feithim, fairim, féachaim ar. A bhriathrainm *feitheamh*, gin. *feithmhe*. *fear a feithmhe*, 5.12, an fear a chíon í.
fidir : *ní fh. mé*, 11.9, ní fheadar.
fionnaim, 11.3, faghaim amach.
fionndruine, 3.6, miotal luachmhar áirithe, sórt práis bháin.
fís, 1.16, 10.14, aisling.
fleasgach, 23.47, dualach, " plaited."
fobhairt, 15.11, faghairt, tástáil, cros, " trial."
foighéag, 8.15, geág bheag ; as san, dlaoi no loca gruaige. Cf. *ciabh na bhfoighég*, Gof. Fionn (Kidgeway Essays, 325, §17).
fóir : *ní fh.*, 21.16, ní fhóirean, ní leighisean.
foirceadal, 11.8, múine, fuláramh.
for talmhain, 12.2, ar talamh, ar domhan.
fuarsam, fuaramar. *f. ar gcead*, 11.23, do gabhadh cead aguinn, do fágadh slán aguinn.
fuigheabh : *ní bhf.*, 16.2, ní bhfagha mé.
furtacht, 8.34, 12.20, 16.2, faeseamh, fuasgailt, sos.
furtaighim, 16.14, tugaim faeseamh do.
géag, 10.26, 23.6, óigbhean.
geall, 3.11, bua, an chraobh. A th. aon. *gioll* ; *i ng. ar*, 21.18, i ngrá le.
gion go, 13.2, 16.18, cé ná.
guth, 8.9, fáth náire, tarcaisne.
iaidséin, 5.18, iadsan.
iarrabh : *ní t.*, 5.6, ní iarrfad.
iata, dúnta. *do bhís againn iata*, do bhí dlúthcheangal caradais eadrainn.

idh, 2.15, fáinne, coileur, práisleud, slabhra.
infheadhma, iriúnach chun oibre, cumasach. *go hi.*, 16.25, go bríomhar.
inn, 7.6, sinn (mé).
inneall, 5.10, cuma, crot, deáramh.
iocht, 11.4, 17.8, iuntaoibh.
iolbhuidhe, 3.10, 'na bhfuil a lán saighseana buí.
iolfhaobhair (ium.), 5.19, airm (dá lán saighseana).
ionadh, 10.8, inead, áit.
ionaonaigh, 5.20, iriúnach chun aonaig nó chun cruinn-ithe phuiblí, iriúnach le fiscint go puiblí.
iongnadh (aid.), 5.10, nea-choitianta, iúntach.
ionnlach, 8.10, milleán, cáine.
ionrúin (aid.), 8.4, iuntaoibh. Cf. *as ionrúin díbhse mé*, PCT., 1.970.
lamh : *níor lamhas*, 9.19, nior leôs, níor ligeadh dam.
lámh : *taoi i láimh*, 8.35, tán tú id phríosúnach.
lat, 8.29, leat.
leanabh : *ní l.*, 17.11, ní leanfad.
leigheósadh, 15.4, (do) leighisfeadh.
lí, 3.13, 23.15, dath.
loinneardha, 1.7, lunnrach,
lomairg (br.), 16.42, creach.
luadh : *do thréig mo l.*, 20.18, do chuir suas dom ghrádh, nó do thréig me tar éis í bheith luaite liom.
macaomh mná, 8.1, óigbhean.
madh, 10.3, más.
mair, 6.24, mairean.
maoth, 23.9, bog.
mar (br.), 19.21, mair.
marbh, gan anam. Focail mholta isea *marbh* agus aidiachtaí eile atá gaolmhar leis i gcéill, nuair a deirtear leis na súilibh iad ; dar le n-ár sinsear téun an áilleacht agus an ríneas le chéile. Cf. *ruisg nách mairbhe meise féin* [ná iad], 5.17 ; *san tsúil mharbhghlais mhuill*, 23.19. Cf., leis, *a throigh chéimleasg*, 10.11. *Déirdre an réidh-ruisc mharbhrighin mhoill*, P. Haiceud, 9.
meabhraigh, 22.1, cuimhnig go math ar, foghlaim.
meirbh, 5.18, lag, marbhánta, rín. Féach an nóta ar *marbh*.
míolla, 10.26, míonla (mín, cneasta, séimh).
míor, 19.5, blúire (bíg).

mithigh, 4.10, mithid.
moirt, 15.16, deasga (fíona), dríodar.
muirfinn, 10.28, cuin. 1 p. ó *marbhaim* (maraím). 3 p. *muirfeadh*, 5.13, maródh, maireódh.
naoidheanta, 16.5, leanbaí.
nion, 20.14, an leitir *n*. San líne chéanna *ruis*=r, *onn*=o, agus *ailm*=a ; as san tuigimíd gur *Onóra* ainm na mná.
nochan, 10.29, 19.10, ní (diúltach).
nua (sb.), 16.5, cailín óg.
'nuraidh, 18.8, anuirig.
ogal, 11.16, dainseurach, sgannrúil.
óidh, 5.22, aigne. *ná tug dot óidh iad*, 23.15, ná cuir spéis unta.
oidhidh, 7.20, bás, deire sael.
oirdheirc, 9.16, cáiliúil, tásgúil, álainn nó uasal thar an gcoitiantacht.
oirn, 16.40, orainn (orm).
peannaid, 7.17, 16.3, pian, crá.
raibh, sub. lá. 3 p. ó *tá*. *dá raibh*, 21.15, má bhíon.
ré n-imtheacht, 14.2, agus me ag imeacht, le linn dam imeacht.
réadhmhagh, 22.10, machaire réig.
riom, rium, rum, liom. *riot*, leat. *ris*, leis. *ribh*, libh (leat).
ró, 11.18, mórán.
ród, 23.4, rôt (< romhat). *róibh*, 6.21, rôibh (rôt).
roichidh, 2.10, sroisean, téun.
rom-chuir, 11.33, do chuir me.
saoth, 5.2, brón, trua.
seachain : *seachnaidh suil ní nách faiceann*, 18.1, seachnaíon súil ní ná ficean ; féach MIP. § 76.
seadh, 23.20, aire, spéis.
séaghain (sb.), 10.15, bean álainn mhaorga.
sgar, 14.4, tásg. lá. 3 p. dlú. ó *sgaraim*.
sibheanradh, 8.22, suirí, cúirtéireacht.
sill, 23.18, féach ar. A bhriathrainm *silleadh*, 5.8.
sionn, 10.8, sinn (mé).
sithe, 1.21, 23.43, suaineasach (no, béidir, taithneamhach, álainn).
slat, 10.22, bean óg. A *Shíle an tSeaca, a shlat na gciabh go drúcht*, D. Ó Br., iii, 24. Cf. *géag* (supra), agus *slataire*.
sní : *ro shní*, 5.28, do shnímh, do bhuair.
sníomh, 11.33, crá.

socht, 5.4, sos ; 9.19, tost, béal dúnta.

solas (aid.), 1.14, suilseach, geal, lunnrach.

soraidh, 11.23, 17.14, slán (ag sgarúint).

stuaigh, 3.15, bean uasal mhaorga.

suim, an t-iumlán i mbeagán focal. *isé a shuim,* 17.11, 'sé a fhaid ar a ghiorracht.

sunn, 10.10, anso.

tachartha, 16.31 ; buinean, do réir dheáraimh, leis an bhfocal *tacharán,* i.e. bunóc, naíonán, leanbh óg. Cf. *tacharain,* " parvuli," Luc. Fid., 373, 378.

tadhall, teangmháil le. *ná tarr dár dtadhall,* 8.7, ná tar im aice.

táidh, 8.36, gadaí.

taidhiúir, 1.21, binn, ceólmhar.

tám, táimíd. *gá dtám ris* ? 11.9, cad chuige dhúinn bheith leis ? *i.e.* chun sgéal gairid a dhéanamh de, i n-aon fhocal amháin.

taobh : *ní thiobhrainn riot taobh,* 23.35, ní thúrfainn iuntaoibh leat.

taobhadh ris, 17.6, iuntaoibh do thúirt leis.

taobhtha : *ní t. dhamhsa re,* 11.1, ní ceart dôsa iuntaoibh le.

tarbha, 5.15 etc., tairife.

tárfás, ca. fuil. (fara *ro*) ón bpréimh *to-ad-fiad,* taisbeáin. Ón bpréimh gcéanna a thagan *taidhbhse,* sb.

teagaimh, teangmhaig. *go dteagmhadh damh,* 4.21, go dtitfeadh sé amach dam.

teagthar, sub. lá. fuil. ó *tigim. annamh tréan nách dt. ris,* 15.3, annamh fear dá threise ná cuirtear 'na chuinne (ná buintear tuisle, nó leaga, as uair éigin) ; seanfhocal é sin, *v.* MIP. § 319.

teann (aid.), 19.8, muiníneach.

teann (sb.), 23.26, muinín.

téid, téd, téun, téun sé.

teidhm, 16.21, taom galair, breóiteacht.

teimhligh, doirchig. *rom-theimhligh,* 5.8, do chuir fé sgamall (bróin) me.

tí, sub. lá. 3 p. ó *tigim. ná tí* (nó *nár thí*), 9.27, nár thaga(ig).

tiodhlaicthe, 7.5, bronntaisí.

tláith, 1.10, lag, maoth, bog. Cf. *tláthbhuidhe,* 2.17.

tocht, 8.33, tost, stad. *do b'fhearr tocht fám radharc ruinn,* 5.3, do b'fhearr liom easba radhairc orm. Do b'fhéidir gur *tocht,* ' dul, nó teacht,' atá anso ; cf. *ní tángas fúinn,* i.e. níor loiteadh sinn (?), Ir. Monthly, 1921, lch. 244 (§8).

toighe, 9.24, tí (< tighe).

toil, 18.3, grá.

toirrchim, suan, sáimhríocht, marbhántacht. *id th.,* 8.36, i.e. ciúin, socair, fé mar a bheifeá id cholla.

toir(r)se, 12.8,22, tuirse, brón.

tós, 7.31, tosach.

t(h)rá, 8.34, ar ndó, ar nóin.

treall, 11.8, tamall.

trú, duine gearrshaolach, duine go bhfuil i ndán do bás d'fháil go luath ; t. aon., *troich,* 5.27.

tú, 5.26, 10.27, táim.

tuar, 23.9, córtha ar rud atá le teacht, fáth.

tuilidhe, 16.31, leanbh nách fios cé is athir do, leanbh tréigithe, díleachtaí (?). Cf. *tuilide,* ACL. i, 99 ; *Duan na Tuiledach,* B. Col. Ch., 380.

tuireamh, 16.4, innsint, cur síos ar.

turadh, 18.4,7, aimsir thirim, triumach. Cf. *fa hé* [Brian Bóraimhe] *an turadh iar ndílinn,* ITS. xx, 36.

uamhan, 9.14, sgannra.

úir, 4.8,14, cré.

ulc, 7.28, t. aon. ó *olc.*

uraghall, 8.8,30, caint, córá.

AINMNEACHA DÍLSE.

Absolón mac Dáivídh, 2.4 Fear cumtha córach a b'ea é, agus gruaig bhreá mhuirearach air (2 Reg. xiv, 25-26).

Brí Ghobhann, 17.2, ainm an pharóiste 'na bhfuil Bailemhisteula, i gCu. Chorcaí.

Dian Céacht, 15.3, liaig Thuatha-dé-danann, Aesculapius na nGaeul.

Gaibhneann, 3.12, gabha Thuatha-dé-danann.
Mór, 3.3,8, ainm mná.
Uilliam : (1) 16.39, Uilliam ó Phalermo, ar a bhfuil trácht i sgéal meánaoiseach Francach do haistríodh go Béarla agus as san go Gaelge. Meliór, iníon an impire, a bhí i ngrá le hUilliam, isí atá ag labhairt san "laoi" seo. (2) 17.8, ainm ar an mada rua, "Reynard."

AINMNEACHA NA N-ÚDAR.

Filí "gan ainm" do sgríbh furmhór mór dánta an leabhair seo. Níl ach seacht gcinn de sna dánta go bhfeadramair cé chum iad.

Fearchar Ó Maoilchiaráin, 3. Bhí file Gaeulach don ainm agus don tsluinne sin do rugadh thar lear (i nAlbain nó i nOilcán Mhanann), agus turas dár thug sé ar Éirinn do mharbh na Guill é,—mar is eól dúinn ón gcaoine breá (*Tugadh oirne easbhaidh mhór* a thosach) do chum a athir do. Is dóichí gur ab aenne amháin é féin agus an fear go gcuirtear dán a trí 'na leith.

Maghnus Ó Domhnaill, 12, 13, 14, 15 : 'na rí ar Thír-chonaill ó 1537 go dtí 1555 ; fuair bás, 1563. Féach *Dánfhocail,* lg. 77-78.

Eochaidh Ó Heóghasa, 19 : ó chuntae Fhearmanach ; fuair bás, 1613.

Anluan Mac Aodhagáin, 23 : do mhair i dtosach na seachtú aoise déag, agus do bhí rannpháirteach i gCuintinn (nó i n-"Iomarbháigh") na bhFilí.

AN MHEADARACHT

Tá sé shaghas meadracha i ndántaibh an leabhair seo :
(1) *Deibhí* casta, 3, 5, 8, 9.
(2) Deibhí simplí, nó *Deibhí Sgaoilte*, 17. (Níl an uaim riachtanach anso, ná níl aon chôrda láir insa chôd).
(3) *Rannaíocht Mhór* (7^1+7^1), 1, 4, 6, 7, 10, 11, 13, 15, 19, 20.
(4) *Rannaíocht Bheag* (7^2+7^2), 12, 18.
(5) *Leathrannaíocht Mhór* (5^1+5^1), 21, 23.
(6) *Ae Freislí* (7^3+7^2), 2, 14, 16, 22.

" Ógláchas " isea na meadracha san go léir, lasmuich de (1). Rannaíocht shimplí, nó Rannaíocht Aicleach, isea na trí Rannaíochtaí thuas (3, 4, 5).

Tá dhá cheathrúin i meadaracht aiceanta san leabhar, mar atá, 7, ll. 33-36, agus 18, ll. 13-16.

Maidir le fuaimniú na ndánta so tugadh an léthóir fé ndeara, nuair a bhe sé ag lé na ndánta, nách mór do na focail a rá do réir mar a sgrítear iad, agus gan bac leis na fuaimeana atá ortha i gcaint an lae iniubh. Is ró-dheacair, uaireanta, an méid sin a chur i dtuisgint do mhic-léinn toisg tathí a bheith acu ar bheith ad iaraig fuaimeana Ghaelge na haimsire seo a chur ar an seana-leitriú. Má labhartar na focail do réir mar a labharfaí i gcaint anois iad, loitfear an mheadaracht thar fóir go minic, go mór mór isna dánta deibhí. Ní mór, cuir i gcás, gach aon chunsain shéimh d'fhuaimniú mar a fuaimneófaí anois í i dtosach focail, *e.g.*, dhá shiulla ghearra a dhéanamh den bhfocal *buidhe* (ar nós *buige* ach *dh* a bheith 'na lár i n-inead *g*), agus gan bac le *buí* a rá mar a deirean an saol fé láthir. Má tá leitriú na Gaelge, mar a chítear do ghnáth le déanaí é, buinisciún ar fad leis an gcaint, ní mar sin a bhí roinnt céata blian ó shin ; mar is math do thuig ár sinsear, marab ionann is sinne, nách chun na fuaimeana a cheilt ar an léthóir do ceapadh an leitriú, ach chun iad do nochta dho.

CLÁR NA GCÉAD-LÍNTE

	lch.
A bhean fuair an falachán	2
A dhuine chollas go sáimh	7
An gcluine mé, a mhacaoimh mná ?	8
Aoibhinn, a leabhráin, do-thriall	1
Aoibhinn duit, a dhuine dhoill	5
Ar mbeannacht mar dhlighim dheit	6
Bréagach sin, a bhean	24
Croidhe lán do smuaintighthibh	16
Croidhe so dá ghoid uainne	14
Cumann do cheangail an corr..	19
Dar liom is galar é an grádh...	16
Do chuaidh mo shúil tar mo chuid	20
Gluais, a litir, ná léig sgís	4
Goirt anocht dereadh mo sgéal	17
I mbrat an bhrollaigh ghil-se	3
Mairg atá san mbeathaidh-se	17
Meabhraigh mo laoidh chumainn-se	23
Ná bí dom bhuaidhreadh, a bhean	11
Ní taobhtha dhamhsa riom féin	13
Seachnaidh súil ní nách faiceann	20
Truagh mo dháil le deich laithibh	10
Tugas féin mo ghrádh ar fhuath	22
Thugas grádh don fhuath	22

DÁNTA GRÁDHA

Trí dheich a seacht (37) de dhántaibh a bhí san chéad eagar, a tháinig amach sa bhl. 1916. Céad a sé (106) de dhántaibh atá san eagar nua, a bheig ollamh ar ball.

TUAIRIMÍ NA BPÁIPEUR AR AN GCÉAD EAGAR.

" Leabhar [iseadh é] gur cheart go mbeadh gach éinne a chuireann suim i litridheacht ag trácht air. . . . . Eachtra mór i Stair Litridheachta na Gaedhilge iseadh teacht an leabhair sin amach. Tá an oiread ann agus do chuirfadh na sgoláirí, agus na filí, agus breitheamhain na héigse, agus lucht léirmheas a dhéanamh, ag cainnt is ag argóint go ceann bliadhna, dá mbeadh meas ceart ar litridheacht na Gaedhilge i nÉirinn. Tá filidheacht ghleóite, filidheacht thar bárr, ann. Na daoine bhí ag fagháil locht ar fhilí an ochtmhadh aois déag, gheóbhaid siad somplaí de shadhas eile filidheachta ar fad ann—filidheacht ná fuil cosmhail le héinní go bhfuil taithighe acu air go dtí so."—*An Claidheamh Soluis* (an tEagarthóir).

" It is, to my mind, the most interesting book in Irish that has appeared for a long time. It is literature, and good literature, and pleasing literature. . . . . These delightful verses give us a peep into the intimate life of a race of men and women who were, when they were written, perhaps the most able and intellectual in the British Isles."—*New Ireland* (An Craoibhín).

" It is a charming little volume which opens up a hitherto neglected phase of Irish literature and brings us back to the days when Gaelic was the language of baronial halls and Gaelic poetry was cultivated by the highest nobility of the land. It reveals to us an Ireland in spiritual contact with the Continent of Europe, no mere appanage of England. . . . . No more delightful collection of Irish poetry has ever been published. It is a valuable contribution to literature, and ought to have a very wide circulation."—*The Irish Monthly* (Rev. John MacErlean, S.J.).

" We are grateful to Tomás Ó Rathile for giving us these gems, in which—if we may change the metaphor—thought and poetic form are wedded together in such exquisite union. One feels, in reading these beautiful cameo-like creations, that it was men of flesh and blood who made them ; that they are not mere professional outpourings on a stereotyped theme. . . . . No one who takes an interest in Irish poetry and its possibilities should be without a copy."—*The Irish Ecclesiastical Record* (G. O'N.).

"This book of Mr. O'Rahilly's comes now opportunely to serve to connect the very old Irish literature—I speak as an ordinary reader—and the latter-day lyrists. For the thirty-seven charming poems in it are of the true stock. . . . . Enough has been said to show how important a book this is. Anyone who would have a clear conception of modern Irish literature simply must come to it."—*The Leader* (Daniel Corkery).

"If we were an educated and self-respecting nation, if our elders furnished their libraries with the things that would be to their glory, if our young men, preparing for the higher businesses of life, cared about the literature of their country, the significant soul of their race, there would be a rush on this book; an ordinary first edition would be snatched up on the day of publication. For this is a book which gives us for the first time, since books have been printed, thirty-seven poems exhibiting an all but unsuspected phase of our literature—that is, of the life and soul of our nation, poems courtly, graceful, light-heartedly learned. . . . . There is not one of them that has not some striking beauty, whether of melody, of wit, of masterly style, and indeed almost all of them may be said to have all these qualities to the point of deserving classic eminence. . . . . It should be added that the English Introduction by Robin Flower is an admirable and fascinating essay."—*Irish Opinion* (Stephen MacKenna).

BÚRDÚIN BHEAGA

TOMÁS Ó RATHILE do bhailig is do chuir i n-eagar.

"For their sound observations on men, women, and things, and for the beautiful language and perfect metrical form in which the thoughts are expressed, these Gaelic *rannaí* are invaluable to students of the language, and they will be a delight to native speakers. . . . . The Notes and Vocabulary, and especially the hints on the proper reading of the verses, are very helpful."—*Irish Independent.*

Demy 8vo. 74 lg. 2s. glan.

BRÚN & Ó NUALLÁIN, Tta.,

Bleácliath, Béalfeirsde, Corcaig, Portláirge.

KT-092-453